

25 Cuntais Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

- 25.1** Ceanglaítear le halt 12 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 (arna leasú) (Acht 1990), ar Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) cuntais a choimeád den airgead ar fad a fhaigheann sí agus a chaitheann sí san fhoirm a cheadaíonn an tAire Airgeadais (an tAire), agus iad a chur isteach go bliantúil lena n-iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.
- 25.2** Ar an iniúchadh a chríochnú, caithfidh GBCN na cuntais agus na tuarascálacha iniúchóireachta gaolmhara a chur isteach chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, a chaithfidh iad a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.
- 25.3** Chomh maith leis sin, ceanglaítear le halt 12 d'Acht 1990 ar an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste tuarascáil a thabhairt do Dháil Éireann maidir le cruinneas na suimeanna a thabharfaidh an GBCN chun cuntais gach bliain. Seo í an tuarascáil don bhliain 2024.

Cuntais GBCN 2024

- 25.4** Seo a leanas na cuntais arna n-iniúchadh faoi alt 12 d'Acht 1990

- Fiachas Náisiúnta na hÉireann
- Cuntas riaracháin GBCN
- Ciste Bhanc Taisce an Phoist
- An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát
- An Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn
- Ciste eascró Apple na hÉireann¹
- Cúlchiste an Bharrachais Náisiúnta (Teagmhais Eisceachtúla)²
- An Ciste um Éire sa Todhchaí³
- An Ciste um Bonneagar, Aeráid agus an Dúlra.³

- 25.5** Ar leithligh, ullmhaíonn GBCN ráitis airgeadais Chiste na gCuntas Díomhaoín (faoi Acht na gCuntas Díomhaoín, 2001) agus an Chiste Carbóin (faoi Acht um an gCiste Carbóin 2007). Foilsíonn GBCN iad sin i dteannta na gcuntas eile (alt 12) a fhoilsíonn sé.

- 25.6** Eisíodh mo thuarascálacha ar iniúchtaí chuntais 2024 ar an 30 Aibreán 2025.

1 Féach freisin *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* 2024, caibidil 26 Foirceannadh ar chiste eascró Apple na hÉireann.


2 Ar an 8 Samhain 2024, d'ordaigh an tAire Airgeadais díscóileadh Chúlchiste an Bharrachais Náisiúnta (Teagmhais Eisceachtúla) de bhun alt 35(3) den Acht fán gCiste um Éire sa Todhchaí agus fán gCiste um Bonneagar, Aeráid agus an Dúlra, 2024. Rinneadh iniúchadh ar na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2024 faoi fhorálacha alt 35(5) den acht sin.

3 Is gnách go dtagraíonn GBCN don Chiste um Éirinn sa Todhchaí agus don Chiste um Bonneagar, Aeráid agus an Dúlra le chéile mar 'Chistí um Éire sa Todhchaí'. Tugtar cuntas foirmiúil orthu ar leithligh.

Struchtúr, costais agus foireann na gníomhaireachta

- 25.7 Ó bunaíodh GBCN in 1990, forbraíodh é ina eagraíocht chasta ag a bhfuil feidhmeanna iomadúla a chlúdaíonn níos mó ná a bunról agus a príomhról maidir le fiachas náisiúnta na hÉireann a bhainistiú (féach Fíor 25.1).
- 25.8 Faoi dheireadh 2024, bhí 830 ball foirne ar bhonn coibhéis lánaimseartha ag obair in GBCN, ar fud na bhfeidhmeanna agus na ngníomhaíochtaí éagsúla (féach Fíor 25.3).

Fíor 25.1 Feidhmeanna Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta



Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

- Nótaí:
- a Ullmhaítear ráitis airgeadais ar leith le haghaidh gníomhaíochtaí gach ceann de na feidhmeanna/eintitis seo.
 - b Ar an 8 Samhain 2024, d'ordaigh an tAire Airgeadais discaoileadh Cúlchiste an Bharrachais Náisiúnta (Teagmhais Eisceachtúla) de bhun alt 35(3) den Acht fán gCiste um Éire sa Todhchaí agus fán gCiste um Bonneagar, Aeráid agus an Dúlra, 2024.
 - c Sna réimsí feidhmiúla de mhaoiniú agus bainistiú fiachais Stáit, agus seirbhísí bainistithe stáitchiste, ullmhaítear ráitis airgeadais ar leith le haghaidh Chiste na gCuntas Díomhaoin, Chiste Bhanc Taisce an Phoist agus Fhiachas Náisiúnta na hÉireann.

Fíor 25.2 Costais oibríochtaí, de réir réimse gnó, 2021 go dtí 2024

	2021	2022	2023	2024
Aonaid ghnó GBCN	€m	€m	€m	€m
Maoiniú agus bainistiú fiachais	12.4	13.4	13.5	14.3
An Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn	17.2	18.4	22.5	24.8
Cistí um Éire sa Todhchaí ^a	—	—	—	2.0
An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát	29.2	31.7	32.6	34.9
NewERA	6.1	6.8	7.5	8.2
An tAonad Baincéireachta (An Roinn Airgeadais)	2.2	4.4	2.9	2.8
An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta	11.6	12.7	13.3	14.9
Comhlachtaí a fhaigheann tacaíocht				
An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní	30.2	26.2	23.9	33.9
Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann	6.5	7.8	8.9	9.5
Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann	6.0	6.2	7.3	7.7
Iomlán na n-íocaíochtaí	121.4	127.5	132.4	153.0

Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta Eascraíonn aon difríochtaí dealraitheacha sna hiomláin as slánú.

Nóta: a D'íoc an GBCN caiteachas tosaigh na gcistí roimh a mbunú ar an 30 Iúil 2024 (€761,000). Tá an caiteachas tar éis a bhunaithe in-aisíochta leis an GBCN ó na cistí (€1.216 milliún).

Fíor 25.3 Dáileadh foirne GBCN ag deireadh na bliana, 2021 go 2024^a

	2021	2022	2023	2024
Aonaid ghnó GBCN				
Maoiniú agus bainistiú fiachais	23	24	24	26
An Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn	59	66	80	85
Cistí um Éire sa Todhchaí	—	—	—	2
An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát	170	170	170	179
NewERA	29	29	31	35
An tAonad Baincéireachta (An Roinn Airgeadais)	8	11	12	13
An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta	67	66	71	77
Feidhmeanna corparáideacha GBCN				
Airgeadas, teicneolaíocht agus oibríochtaí	143	145	155	168
Dlí, comhlíonadh, AD agus iniúchóireacht inmheánach	55	59	63	60
Riosca	20	23	22	21
Eile	1	2	1	1
Comhlachtaí a fhaigheann tacaíocht				
An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní	145	110	92	81
Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann	32	38	44	47
Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann	31	31	36	35
Iomlán	783	773	801	830

Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta Eascraíonn aon difríochtaí dealraitheacha sna hiomláin as slánú.

Nóta: a Tá na figiúirí bunaithe ar choibhéisí lánaimseartha.

Pá atá bainteach le feidhmíocht

- 25.9** Cuirtear ar áireamh soláthar d'íocaíocht roghnach atá bainteach le feidhmíocht i dtromlach na gconarthaí atá ag fostaithe GBCN. Tá Coiste Luach Saothair GBCN freagrach as méid iomlán an phá atá bainteach le feidhmíocht a fhaomhadh i gcaitheamh bliana, agus as dámhachtainí aonair molta a fhaomhadh do bhaill d'fhoireann bainistíochta feidhmiúcháin (FBF) GBCN. Déanann an Príomhfheidhmeannach dámhachtainí íocaíochta atá bainteach le feidhmíocht le haghaidh fostaithe faoi bhun leibhéil FBF a fhaomhadh tar éis d'fhochoiste de chuid FBF athbhreithniú a dhéanamh orthu.
- 25.10** Seo a leanas baill FBF: an Príomhfheidhmeannach, an Príomhoifigeach Airgeadais agus Oibríúcháin, Stiúrthóir na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát, an Príomhoifigeach Daoine, an Príomhoifigeach Díl, Stiúrthóir an Chiste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn (CISÉ), an Stiúrthóir Maoinithe agus Bainistithe Fiachais, Stiúrthóir na Gníomhaireachta Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta agus NewERA, Stiúrthóir na gCistí um Éire sa Todhchaí agus an Ceannasaí Baincéireachta (atá ar iasacht don Roinn Airgeadais).
- 25.11** Rinneadh íocaíochtaí atá bainteach le feidhmíocht de €2.6 milliún (2023: €2.2 milliún) le 271 fostaí le haghaidh 2024 (2023: 262), agus íocadh €186,000 le seachtar ball de FBF (2023: €166,000 le seisear ball de FBF). Ní bhfuair Príomhfheidhmeannach GBCN aon íocaíocht atá bainteach le feidhmíocht i ndáil le 2024 nó 2023.

Gníomhaireachtaí a fhaigheann tacaíocht

- 25.12** I dteannta a oibríochtaí féin, sannann GBCN baill foirne don Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS), do Chorporáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (SBCI) agus do Mhaoiniú Teaghais-Tógála Éireann (HBFI), agus soláthraíonn sé seirbhísí agus córais ghnó agus tacaíochta ar bhonn aisghabháil costas. Tá a bhord féin ag gach ceann de na heintitis a fhaigheann tacaíocht agus tá sé cuntasach ar leithligh do Dháil Éireann.
- 25.13** Deonaíodh íocaíochtaí atá bainteach le feidhmíocht de €635,000 ar bhaill foirne GBCN a sannadh do ghníomhaireachtaí eile le haghaidh 2024, mar a leanas:
- GNBS €306,000 (2023: €328,000);
 - SBCI €192,000 (2023: €151,000);
 - HBFI €137,000 (2023: €123,000).
- 25.14** B'ionann costas oibríochtaí GNBS in 2024 agus €33.9 milliún (2023: €23.9 milliún). Áiríodh leis seo agus €12.4 milliún i ndáil le sochair foirceanta (lena n-áirítear scéim iomarcaíochta deonaí, saoire gharraíodóireachta, agus ranníocaíochtaí ÁSPC agus pinsin). I mí Iúil 2024, cheadaigh an Rialtas dréachtú reachtaíochta lena bhforáiltear do dhíscaoileadh GNBS agus aistriú aon sócmhainní iarmharacha de chuid GNBS chuig Aonad Réitigh laistigh den GBCN. Tá céimeanna tráchtála agus oibríochtúla á nglacadh ag GNBS faoi láthair chun a chinntiú go ndéanfar an díscaoileadh eagraithe faoi dheireadh 2025.

Soláthar foirne fheidhmeanna an chórais baincéireachta

- 25.15** Tugadh foireann GBCN atá bainteach le soláthar feidhmeanna córais baincéireachta ar iasacht don Rannóg Chomhairleach Scairseilbhe agus Maoinithe sa Roinn Airgeadais ó mhí Lúnasa 2011 i leith. Ar ordachán ón Aire, is é GBCN a focann na costais ghaolmhara foirne agus comhairleoirí gairmiúla.
- 25.16** Bhí na costais a thabhaigh GBCN in 2024 i ndáil leis an Rannóg Chomhairleach Scairseilbhe agus Maoinithe cothrom le €2.8 milliún (2023: €2.9 milliún). Athghabhadh costais comhairleoirí gairmiúla €0.7 milliún (2023: €0.9 milliún) in 2024 ó na forais airgeadais chuí.

Príomhoibríochtaí GBCN in 2024

- 25.17** Áirítear leis na príomhfhorbairtí in oibríochtaí GBCN in 2024
- aistriú airgid thirim agus sócmhainní ar luach €10.9 billiún ó chuntas eascró Apple chuig an Státchiste faoi dheireadh 2024.
 - €325 milliún sa bhreis a aistríodh ón CISE chuig an nGníomhaireacht Forbartha Talún (LDA).¹
 - laghdú breise ar scairseilbh an Stáit in AIB Group plc.
 - díscaoileadh Chúlchiste an Bharrachais Náisiúnta (Teagmhais Eisceachtúla) agus bunú agus maoiniú an Achta fán gCiste um Éire sa Todhchaí agus fán gCiste um Bonneagar, Aeráid agus an Dúlra.
 - leanúint den treocht aníos i ndliteanas teagmhasach measta na n-éileamh atá á mbainistiú ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát.


1 Féach freisin *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhíse Poiblí 2024*, caibidil 1, Olltoradh airgeadais an Státchiste don bhliain 2024.

2 Ba é €193,049 milliún an glanfhiachas náisiúnta (ollfhiachas náisiúnta lúide airgead tirim agus sócmhainní airgeadais eile) amhail an 31 Nollaig 2024 (2023: €205,626 milliún).

Bainistíocht fiachais náisiúnta

- 25.18** Is é príomhfheidhm GBCN ná iasachtaí a fháil thar ceann an Aire agus fiachas náisiúnta na hÉireann a bhainistiú, a shainítear mar an fiachas amuigh de thuras na huaire de chuid an Státchiste.
- 25.19** Amhail an 31 Nollaig 2024, bhí an fiachas náisiúnta cothrom le €232,616 milliún, síos de bheagán ó €234,537 milliún ag deireadh 2023 (Fíor 25.4) — laghdú €1,921 milliún (nó 0.8%).²

Fíor 25.4 Fiachas náisiúnta agus costais seirbhísithe fiachais, 2010 go 2024



Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nóta: a Is tomhas comhlán é an fiachas náisiúnta roimh asbhaint airgid thirim agus sócmhainní airgeadais eile.

25.20 Bíonn GBCN i mbun oibríochtaí iasachtaithe freisin, lena n-áirítear iarmhéideanna airgid an Stáitchiste. In 2024, áiríodh leis sin

- méadú €10.2 billiún ar infheistíocht ghearrthéarmach i mbillí stáitchiste ó €4.7 billiún ag deireadh 2023 go €14.9 billiún ag deireadh 2024, is amhlaidh den chuid is mó mar gheall ar fháil €10.9 billiún ag an Stáitchiste a eascraíonn as foirceannadh chiste eascró Apple.¹
- méadú €1.2 billiún ar nótaí ráthaithe na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe ó €4.1 billiún ag deireadh 2023 go €5.3 billiún ag deireadh 2024.

Costais seirbhísithe fiachais

25.21 B'ionann costais seirbhísithe fiachais in 2024 agus €3,137 milliún (an glantoradh ar ús íoctha ar an bhfiachas náisiúnta, ús tabhaithe ar shócmhainní airgeadais an Stáitchiste, táillí idirbhirt agus costais oibriúcháin). Bhí sé seo síos ó €3,309 milliún in 2023. Ba é an phríomhchúis leis an glanlaghdú de €172 milliún (nó thart ar 5%) ná méadú de €140 milliún ar ús a íocadh ar an bhfiachas náisiúnta, á fhritháireamh ag méadú de €317 milliún ar ioncam úis a fuarthas ar iarmhéideanna airgid thirim agus sócmhainní airgeadais eile in 2024.

Páipéar gearrthéarmach

25.22 Ceannaíonn comhlachtaí agus cistí an Rialtais Láir agus údaráis áitiúla 'páipéar gearrthéarmach' ar bhonn tráthrialta (nótaí Stáitchiste nó nótaí an chisteáin lárnaigh) ó GBCN, mar mhodh chun iarmhéideanna airgid ar láimh nach bhfuil ag teastáil ar an bpointe a bhainistiú. Is cuid mhór é sin d'iasachtaíocht ghearrthéarmach GBCN.

25.23 Bhí páipéar gearrthéarmach a bhí i seilbh ag deireadh 2024 cothrom le €19.4 billiún san iomlán (suas ó €17.4 billiún ag deireadh 2023) (féach Fíor 25.5). Cuimsíodh leis sin nótaí Stáitchiste ar luach €17.8 billiún agus nótaí an chisteáin lárnaigh ar luach €1.6 billiún. Eisíodh formhór na nótaí (€19.3 billiún, nó 99%) do chomhlachtaí poiblí agus do chistí, lena n-áirítear €5.1 billiún i gcistí a bhí á mbainistiú ag an GBCN féin.

¹ Féach freisin *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2024*, caibidil 26 Foirceannadh ar chiste eascró Apple na hÉireann.

Fíor 25.5 Comhdhéanamh páipéir ghearrthearmaigh a eisíodh chuig comhlachtaí poiblí amhail deireadh na bliana, 2020 go 2024


	2020	2021	2022	2023	2024
	€m	€m	€m	€m	€m
Comhlachtaí agus cistí rialtais láir	3,534	3,861	5,633	9,144	12,998
Cistí á mbainistiú ag GBCN	1,019	305	2,208	6,346	5,097
Údaráis áitiúla	—	—	1,359	1,290	799
Comhlachtaí eile san earnáil phoiblí	556	376	523	450	413
Iomlán a eisíodh chuig comhlachtaí poiblí	5,109	4,542	9,724	17,230	19,307
A eisíodh chuig comhlachtaí neamhphoiblí	8,918	5,224	186	128	128
Páipéar gearrthearmach iomlán	14,027	9,766	9,910	17,358	19,435
Céatadán de pháipéar gearrthearmach iomlán a eisíodh chuig comhlachtaí poiblí	36%	47%	98%	99%	99%

Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta Eascraíonn aon difríochtaí dealraitheacha sna hiomláin as slánú.

An Ciste Infheistíochta Straitéisí d’Éirinn

- 25.24** Is ciste forbartha ceannasach é an CISE atá á bhainistiú ag GBCN.¹ Tá sócmhainní CISE á gcoimeád in dhá phunann.
- Tá an **phunann ordaithe infheistíochta** faoi réir ag ordacháin a thugann an tAire.²
 - Tá an **phunann lánroghnach infheistíochta** comhdhéanta d’infheistíochtaí a rinneadh de réir ailt ábhartha Acht 2014, áit a ndéanann GBCN sócmhainní CISE (seachas infheistíochtaí spriocdhírith) a shealbhú nó a infheistiú ar bhonn tráchtála ar bhealach atá ceaptha chun tacú le gníomhaíocht gheilleagrach agus fostaíocht in Éirinn.
- 25.25** Mar a léirítear i Fíor 25.6, tháinig laghdú beagnach 24% i gcaitheamh tréimhse deich mbliana ar na glansócmhainní arna sealbhú ag CISE ó €21.9 billiún in 2015 go dtí timpeall €16.6 billiún ag deireadh 2024.

Fíor 25.6 Luach ghlansócmhainní CISE, 2015 go 2024



Foinse: Ráitis Airgeadais an Chiste Infheistíochta Straitéisí d’Éirinn, 2015 go 2024

1 Bunaíodh CISE i mí na Nollag 2014, de bhun an Ahta um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2014 (Acht 2014).

2 Déantar foráil le halt 43 d’Acht 2014 go bhféadfaidh an tAire ordachán a thabhairt do GBCN maidir le sealbhú agus bainistíocht infheistíochta ordaithe, le feidhmiú aon cheart vótála a ghabhann le haon infheistíocht ordaithe, nó le diúscairt infheistíochta ordaithe.

Punann ordaithe infheistíochta

- 25.26** Áiríodh ar na sócmhainní a fuair an CISE i mí na Nollag 2014 óna réamhtheachtaí, an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean, punann a chuimsigh, den chuid ba mhó, scaireanna suntasacha i roinnt banc trádála a athchaipitlíodh mar chuid den chlár cobhsaíochta géarchéime baincéireachta. D'fhorbair sé seo le bheith mar phunann ordaithe infheistíochta CISE agus tá sé faoi réir ag ordacháin a thugann an tAire.
- 25.27** Ó 2015 i leith, tá laghdú 45% tagtha ar ghlanluach na sócmhainní a coimeádadh sa phunann ordaithe — ó €14 bhilliún ag deireadh 2015 go €7.7 billiún ag deireadh 2024. Ba é an phríomhchúis leis an laghdú thar an tréimhse sin ná aistriú fáltais ó dhíol scaireanna in AIB Group plc (AIB) agus Bank of Ireland Group plc (BOI) chuig an Státchiste.

Dífheistiú AIB Group plc

- 25.28** Lean GBCN de bheith ag diúscairt scaireanna AIB an CISE in 2024, ag diúscairt 630 milliún scair san iomlán, agus gineadh glanfháltais de bheagán os cionn €3.1 billiún.¹ B'ionann luach margaidh na scaireanna a bhí fágtha i ngrúpa AIB ag deireadh 2024 — €2.3 billiún — agus 30% breise de luach na punainne ag deireadh 2024. Diúscaíodh an scairshealbhú a bhí fágtha (438 milliún scair) in 2025 agus gineadh glanfháltais de bheagnach €2.7 billiún.
- 25.29** Coinníodh formhór fháltais dhiúscairtí scaireanna AIB in 2023 agus 2024 i bpunann ordaithe CISE. Ag deireadh 2024, bhí beagán os cionn €5 bhilliún (65%) de luach iomlán €7.7 billiún na punainne á choinneáil mar airgead tirim. Bhí sé seo suas ó airgead tirim €1.7 billiún a bhí á choinneáil ag deireadh 2023, arb ionann é agus 28% de luach na punainne ag an dáta sin. I mí Aibreáin 2025, ordaíodh don GBCN €514 milliún a aistriú ón bpunann ordaithe chuig an Státchiste.
- 25.30** Infheistíodh airgead tirim laistigh den phunann ordaithe den chuid is mó i rith na tréimhse i nótáí Státchiste arna n-eisiúint ag an GBCN, agus coimeádadh an t-iarmhéid atá fágtha i dtaisce ag an mBanc Ceannais, de réir teoracha ón Aire. Bhí tuairisceán na punainne ordaithe in 2024 thart ar 24%.

An Ghníomhaireacht Forbartha Talún CGA a mhaoiniú

- 25.31** Sa tréimhse 2022 go 2024, ar threoir an Aire Airgeadais, d'aistrigh an GBCN €1.25 billiún ón CISE chuig an LDA.² Aistríodh €325 milliún le linn 2024 (2023: €825 milliún; 2022 €100 milliún).
- 25.32** D'ainneoin na n-iarmhéideanna airgid thirim sa phunann ordaithe, aistríodh cistí ón bpunann lánroghnach de chuid an CISE go dtí an phunann ordaithe chun na haistrithe chuig an LDA a mhaoiniú.

Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann a mhaoiniú

- 25.33** An 8 Aibreán 2019, d'ordaigh an tAire Airgeadais do GBCN comhaontú saoráide iasachta a fhorghníomhú le Maoiniú Tógála Tithíochta Éireann (Iasachtú) CGA, agus saoráid iasachta suas le €730 milliún a chur ar fáil ó CISE don chuideachta. Bhí iarmhéid na hiasachta amuigh ag deireadh mhí na Nollag 2024 cothrom le €305 milliún (2023: €325 milliún).

¹ Leis sin, laghdaíodh scairsheilbh an Stáit in AIB ó 40.8% amhail an 31 Nollaig 2023 go 18.8% amhail deireadh 2024.

² Féach freisin *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2024*, caibidil 1, Olltoradh airgeadais an Státchiste don bhliain 2024.

Caillteanas CISÉ mar gheall ar chliseadh ar rialuithe inmheánacha

- 25.34** I mí Iúil 2025, fuair an GBCN iarratas calaoiseach ar íocaíocht €5 mhilliún ó thríú páirtí a bhí deartha agus amaithe le bheith glactha mar iarratas dlisteanach ar chistí ó chuideachta infheistíochta CISÉ atá ann cheana féin. Níor chuir rialuithe, a bhí beartaithe chun iarratais chalaoiseacha den sórt sin a chosc, cosc ar an íocaíocht a bheith déanta ag an GBCN.
- 25.35** Thuairiscigh an GBCN an chalaois do na húdaráis ábhartha, lena n-áirítear an Garda Síochána, agus tá siad ag iarraidh na cistí a aisghabháil. Tá sé dearbhaithe ag an GBCN nach bhfuil aon chomhartha ann gur sáraíodh a chórais TFC ná go raibh aon bhagairt ar a chórais TF.

Cistí um Éire sa Todhchaí

- 25.36** Bunaíodh dhá chiste infheistíochta reachtúla nua, a bheidh á mbainistiú ag GBCN, ar an 30 Iúil 2024 faoi fhorálacha an Achta fán gCiste um Éirinn sa Todhchaí agus fán gCiste um Bonneagar, Aeráid agus an Dúlra 2024 (an tAcht).
- Bunaíodh an **Ciste um Éire sa Todhchaí** chun tacú le caiteachas an Stáit ó 2041 ar aghaidh ar bhealach comhsheasmhach inbhuanaithe.
 - Bunaíodh an **Ciste um Bonneagar, Aeráid agus an Dúlra** le bheith ar fáil chun tacú le caiteachas Stáit i dtréimhsí meathlaithe shuntasaigh i riocht eacnamaíoch nó fhioscach an Stáit (ó 2026 ar aghaidh), agus ar thionscadail chomhshaoil ainmnithe áirithe idir 2026 agus 2030.
- 25.37** Tagraíonn GBCN do na cistí le chéile mar ‘Cistí um Éire sa Todhchaí’.
- 25.38** Rinneadh foráil san Acht maidir le haistriú na sócmhainní a bhí i gCiste an Bharrachais Náisiúnta (Teagmhais Eisceachtúla) chuig Cistí um Éire sa Todhchaí. I mí Mheán Fómhair 2024, aistríodh €6.3 billiún san iomlán ó Chúlchiste an Bharrachais Náisiúnta chuig na cistí nua — €4.3 billiún chuig Ciste um Éire sa Todhchaí agus €2 bhilliún chuig an gCiste um Bonneagar, Aeráid agus an Dúlra. Tar éis na haistrithe a bheith críochnaithe, díscaoileadh Cúlchiste an Bharrachais Náisiúnta ar an 8 Samhain 2024 (mar a fhoráiltear san Acht).

1 Is féidir méid ranníocaíochta níos airde a aistriú má cheadaítear é ag vóta i nDáil Éireann. Tar éis 2035, cinnfear an méid a aistreofar gach bliain le vóta i nDáil Éireann. Féach alt 8 den Acht.

2 Is féidir méid ranníocaíochta níos airde a aistriú má cheadaítear é ag vóta i nDáil Éireann. Tar éis 2030, cinnfear an méid a aistreofar gach bliain le vóta i nDáil Éireann. Féach alt 17 den Acht.

- 25.39** Déanta foráil san Acht freisin d’aistrithe bliantúla suntasacha ón Státchiste isteach sna cistí.
- I gcás gach bliana ó 2024 go 2035, ceanglaítear faoin Acht go n-íocfar ranníocaíocht reachtúil ón Státchiste isteach i gCiste um Éire sa Todhchaí arb ionann í agus 0.8% de OTI measta na hÉireann don bhliain dhá bhliain roimhe sin (dá ngairtear an ‘OTI ábhartha’ don bhliain ranníocaíochta).¹ Ar an 24 Deireadh Fómhair 2024, aistríodh €4.05 billiún chuig an gCiste i.e. arbh ionann í agus 0.8% den OTI measta do 2022.
 - I gcás gach bliana ó 2025 go 2030, déantar foráil san Acht d’íocaíochtaí ón Státchiste de €2 bhilliún in aghaidh na bliana isteach sa Chiste um Bonneagar, Aeráid agus an Dúlra.²

25.40 Ag deireadh 2024, b'ionann glansócmhainní Chiste um Éire sa Todhchaí agus €10.47 billiún le chéile (lena n-áirítear ús carntha agus gnóthachain ar 'luach cóir') — €8.45 billiún sa Chiste um Éire sa Todhchaí, agus €2.02 billiún sa Chiste um Bonneagar, Aeráid agus an Dúlra. Infheistíodh beagnach gach ceann de na cistí in ionstraimí fiachais cheannasaigh limistéar an Euro a raibh tréimhsí aibíochta níos lú ná 3 bliana acu.

25.41 Bhunaigh an GBCN coiste infheistíochta chun cabhrú leis i rialú agus i mbainistíocht na gCistí. I measc fheidhmeanna an choiste tá moltaí a dhéanamh don Bhord maidir leis an straitéis infheistíochta do na Cistí; athbhreithniú a dhéanamh ar an straitéis infheistíochta agus maoirseacht a dhéanamh ar a cur i bhfeidhm; athbhreithniú a dhéanamh; monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht fhoriomlán agus riosca na gCistí; measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht leanúnach bainisteoirí infheistíochta seachfhoinsithe agus moltaí maidir le hinfeistíochtaí a chur ar fáil don Bhord — a dhéanann an cinneadh deiridh infheistíochta ansin.

An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát

25.42 Bainistíonn GBCN éilimh a bhaineann le díobháil phearsanta, lena n-áirítear faillí chliniciúil, agus éilimh tríú páirtí a bhaineann le damáiste do réadmhaoin thar ceann an Stáit agus thar ceann údaráis áirithe 'tharmligthe' Stáit. Lena chois sin, tá ról bainistíochta riosca aige, ina dtugann sé comhairle agus cabhair do na húdaráis Stáit sin chun a neamhchosaint ar éilimh a laghdú. Chomh maith leis sin, déanann sé breithniú agus bainistiú ar éilimh costais tríú páirtí i gcoinne an Stáit agus údaráis tharmligthe Stáit, a eascraíonn as gach catagóir éileamh. Agus na feidhmeanna sin á gcur i gcrích, tugtar 'an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (GÉS)' ar GBCN.

Socrú éileamh in 2024

25.43 In 2024, d'íoc GÉS socraíochtaí, dámhachtainí agus costais arbh fhiú €521 milliún san iomlán iad — laghdú de 9% ar an mbliain roimhe (2023: €574 milliún).¹ Tá na suimeanna sin in-aisghabhála ag GÉS ó na húdaráis Stáit ábhartha.²

Dlíteanas measta amuigh gan íoc

25.44 Mheas an GÉS go mbeadh an costas a bhaineann le héilimh amuigh a shocrú ag deireadh 2024 cothrom le €5.4 billiún (2023: €5.2 billiún).³


25.45 Is ionann éilimh chliniciúla arb ionann iad agus €4.3 billiún san iomlán agus formhór an dliteanas measta iomlán amuigh agus baineann an chuid eile le héilimh ghinearálta. Is ionann éilimh mháithreachais agus beagnach dhá thrían (thart ar €2.7 billiún) de luach iomlán na n-éileamh cliniciúil agus is ionann éilimh pairilis cheirbreach agus níos mó ná leath (beagnach €1.5 billiún) de luach iomlán na n-éileamh máithreachais (féach Fíor 25.7).

1 Cuimsítear ann gach dámhachtain agus costas a íocadh faoi na scéimeanna ginearálta agus cliniciúla slánaíochta agus gach costas eile ar íoc Aonad na gCostas Dílíthiúil iad — lena n-áirítear costais Bhinse.

2 Ní dhéantar costais riaracháin dhílse GÉS (€35 milliún in 2024) a aisghabháil ó údaráis tharmligthe Stáit.

3 Baineann €997 milliún den dlíteanas measta amuigh amhail deireadh na bliana le horduithe eatramhacha agus 'íocaíochta tréimhsiúla'.

Fíor 25.7 Éilimh chliniciúla de réir seirbhíse agus dliteanas measta amuigh, ag deireadh 2024





Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta
Nóta: a Cuimsíonn eile na seirbhísí ar fad atá fágtha.

Éilimh mheasta amuigh

25.46 Socraíodh thart ar 3,600 éileamh in 2024 — méadú ó thart ar 3,400 éileamh in 2023. Tá an líon éileamh atá faoi bhainistíocht GÉS ag deireadh na bliana fós ard, áfach (féach Fíor 25.8) Ag deireadh 2024, bhí 11,000 éileamh faoi bhainistíocht (2023: 11,100), lena n-áirítear 1,100 éileamh (2023: 1,500) mar chuid d'ollghníomhaíochtaí (ginearálta agus cliniciúil).

Fíor 25.8 Éilimh a fuarthas agus a socraíodh gach bliain, agus éilimh faoi bhainistíocht, amhail deireadh na bliana, 2012 – 2024



Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

25.47 Áirítear leis na héilimh iomlána ag deireadh 2024 éilimh a fuarthas ar scéim chúitimh nua an Gharda Síochána a bunaíodh i mí Aibreáin 2023.¹ Fuair an scéim 720 éileamh faoi dheireadh 2024, agus is éilimh oidhreachta iad formhór díobh a eascraíonn as eachtraí a tharla roimh bhunú na scéime.

Dlíthíocht CervicalCheck

25.48 Faoi dheireadh 2024, fuair GÉS fógra de 402 éileamh a bhain leis an gclár CervicalCheck de chuid FSS (deireadh 2023: 393 éileamh). Cuimsítear ansin 83 éileamh a bhain le díobháil shíceolaíoch ó bhaill teaghlaigh le mná a bhain leas as an gclár seo.

¹ Bunaithe faoi [Acht an Gharda Síochána \(Cúiteamh\), 2022](#).

- 25.49** I rith 2024, rinneadh 44 éileamh CervicalCheck, rud a thug líon iomlán na gcásanna a rinneadh faoi dheireadh 2024 go dtí 302.¹ Ní chuirtear an GÉS ar an eolas faoi na híocaíochtaí socraíochta a rinne na saotharlanna agus dá bhrí sin níl sé in ann na costais iomlána don chohórt éileamh seo a sholáthar. Cuirtear idirghabháil ar fáil nuair is féidir chun éilimh a réiteach ar bhealach neamhsháraíochta, cé go bhféadfadh nach mbeadh sé sin faoi stiúir GÉS i gcónaí.
- 25.50** Agus an Binse CervicalCheck i mbun feidhme ó mhí na Nollag 2020 i leith, soláthraíodh córas malartach ar na cúirteanna chun éilimh a tháinig chun cinn a phróiseáil. Fágfar faoi na gearánaigh i ngach cás a chinneadh cé acu ar mhian leo éilimh a thabhairt chuig an mBinse nó iad a chur trí na cúirteanna. I gcás gearánaigh a chuir éilimh faoi bhráid an Bhinse, coimeádann siad an ceart chun achomharc a dhéanamh chun na hArd-Chúirte. Chríochnaigh an Binse de bheith ag glacadh iarratas an 26 Iúil 2022, agus 25 cás ar glacadh leo ann. Chríochnaigh an Binse le héisteachtaí cásanna ag deireadh mhí Iúil 2023.

Scéim Speisialta Slánaíochta Cnáimhseachais


- 25.51** Sa bhliain 2008, bhunaigh an tAire Sláinte an Scéim Speisialta Slánaíochta Cnáimhseachais (SOIS). Faoin scéim, chomhaontaigh an tAire slánaíocht a thabhairt d'Ospidéal Bon Secours agus Chnoc Chairméal i leith éilimh chnáimhseachais shonracha. Tarmligeadh bainistíocht na n-éileamh faoin scéim chuig an GÉS. Rinne na hospidéal ranníocaíochtaí le ciste scéime atá á bhainistiú ag an GÉS.
- 25.52** Le linn 2024, bhí cistí SOIS Chnoc Chairméal caite agus, de réir comhaontú rannpháirtíochta, gearradh an t-iarmhéid ar an Scéim Slánaíochta Cliniciúla. Ag deireadh 2024, bhí iarmhéid €2.96 milliún fágtha ó ranníocaíocht Bon Secours leis an gciste, lena áiríodh ioncam a tuilleadh ó infheistíochtaí scéime.
- 25.53** Ag deireadh 2024, bhí éileamh gníomhach amháin faoin scéim a bhain le hOspidéal Bon Secours agus éileamh gníomhach amháin a bhain le Cnoc Chairméal. Socraíodh an t-éileamh i gcoinne Ospidéal Bon Secours in 2025 ag tríú páirtí, agus níor íoc Bon Secours ach costais aturnae na gníomhaireachta agus na saineolaithe, arbh ionann iad agus thart ar €29,000.
- 25.54** Ní féidir meastachán iontaoifa a dhéanamh ar éilimh amach anseo faoin scéim, toisc nach bhféadfadh reacht na dtréimhsí tosú go dtí go mbeidh an t-éilitheoir ar an eolas faoin gceist.

Eisceachtaí soláthair agus finnétithe saineolacha

- 25.55** I rith 2024, rinne GBCN íocaíochtaí ar luach iomlán €9.1 milliún (gan CBL a áireamh) (2023: €8.8 milliún, gan CBL a áireamh) i dtaobh earraí/seirbhísí a bhí faoi réir eisceachtaí soláthair arna bhfaomhadh i gcomhréir le *Beartas Soláthair* agus *Nós Imeachta Soláthair* GBCN.
- 25.56** Mar is léir i Fíor 25.9, tá méadú beagnach 55% tagtha ar an leibhéal foriomlán an tsoláthair neamhiomaíoch ag an GBCN le seacht mbliana anuas (2018 – 2024). Baineann formhór an mhéadaithe le caiteachas a bhaineann le finnétithe saineolacha arna bhfostú ag an GÉS, a bhí beagnach trí huairé níos airde ag deireadh 2024 (€8.1 milliún) i gcomparáid le 2018 (€2.9 milliún).

¹ Thuairiscigh an GBCN roimhe seo go raibh 244 cás san iomlán críochnaithe ag deireadh 2023. Níor áiríodh san fhigiúr sin 15 éileamh a bhí críochnaithe faoi dheireadh 2023. Athosclaíodh ceann de na héilimh sin in 2024.

Fíor 25.9 Eisceachtaí soláthair GBCN, 2018 – 2024



Foinse: Ráitis Airgeadais de chuid Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 2018 go 2024. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

25.57 Déanann GÉS a fhinnéithe saineolacha a chatagóiriú in dhá chatagóir leathana — finnéithe i ndáil le cúis agus dliteanas (e.g., finnéithe leighis agus innealtóra), agus finnéithe i ndáil le candam agus fíric (e.g., finnéithe achtúireacha). Ní dhéanann an GÉS finnéithe a sholáthar go hiomaíoch maidir le cúisíocht agus dliteanas mar mhéadódh sé sin an riosca dlíthíochta, ag féachaint d'Ordú 39 Fianaise, de Rialacha na nUaschúirteanna.¹

¹ [I.R. Uimh. 15/1986 Rialacha na nUaschúirteanna.](#)